

## Scoláireachtaí Printíseachta

Tá Údarás na Gaeltachta ag tairiscint Scoláireachtaí Printíseachta gur fiú níos mó ná €2,000 an ceann iad d'iarrthóirí, le cáilíocht printíseachta mar atá aitheanta ag an gComhairle Phrintíseachta a bhaint amach.

Ní mór d'iarrthóirí a bheith sé bliana déag d'aois ar a laghad agus na buncháilíochtaí seo a leanas a bheith acu:

Teastas Sóisearach, le pas i gcúig ábhar nó a chomhionann. (Tá matamaitic riachtanach i gás printíseachtaí áirithe),  
nó  
réamhchúrsa printíseachta atá aitheanta ag SOLAS,  
nó  
os cionn 16 bliain d'aois agus taithí oibre aitheanta acu sa cheird le trí bliana.

I dtaca leis na printíseachtaí ceirde sean-bhunaithe, fáilteofar roimh iarratais don scoláireacht seo i leith na printíseachtaí nua-aoiseacha, atá á bhforbairt le cúpla bliain anuas. (Féach an liosta faoi iamh) Tá gach eolas i leith na bprintíseachtaí seo, agus na cáilíochtaí iontrála a ghabhann leo le fáil ar an suíomh idirlín [www.apprenticeship.ie](http://www.apprenticeship.ie)

Is d'iarrthóirí Gaeltachta le Gaeilge líofa na scoláireachtaí seo.

Ní mór go mbeadh fostóir / conraitheoir atá aitheanta ag SOLAS aimsithe ag iarrthóirí le go ndéanfar tairiscint leo faoin Scéim Scoláireachta.

Má tá spéis agat a bheith san iomaíocht do na scoláireachtaí seo, líon isteach na sonraí thíos agus seol ar ais chuig:

An Rannóg Oiliúna & Oideachais,  
Údarás na Gaeltachta,  
Na Forbacha,  
Co. na Gaillimhe

**Roimh: 28/02/2019**

AINM: \_\_\_\_\_

SEOLADH: \_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

DÁTA BREITHE: \_\_\_\_/\_\_\_\_/\_\_\_\_\_

UIMH. FÓN PÓCA: \_\_\_\_\_

UIMH. FÓN BAILE: \_\_\_\_\_

SEOLADH RÍOMHPHOIST \_\_\_\_\_

An bhfuil tú ag freastal ar scoil dara leibhéal faoi láthair?  
(Cuir tic sa bhosca cúí)

Tá

Níl

---

Cuir síos do rogha ceird ón liosta a ghabhann leis seo:

Rogha 1 \_\_\_\_\_ Rogha 2 \_\_\_\_\_

**Cosaint Sonraí:** Coinníonn Údarás na Gaeltachta sonraí, bíodh siad mar chomhaid pháipéir nó comhaid leictreonacha. D'fhéadfadh na sonraí seo a bheith pearsanta nó neamhpearsanta. Caithfidh leis an uile shonra pearsanta mar shonra faoi rún agus ní úsáidfimid é ach amháin do na cuspóirí a bhfuairamar é. Féadfaimid, áfach, sonraí a roinnt le ranna nó le gníomhaireachtaí eile rialtais nuair a cheadaítear é le foráil sainiúil reachtach. Chun a chinntiú go mbíonn do chuid sonraí pearsanta cruinn agus suas chun dáta ní mór duit aon leasú ar do chuid sonraí pearsanta a chur in iúl dúinn trí theagmháil a dhéanamh linn.